# Nuacht Neachtain

## Samhain 2018

### SEÓ na NOLLAG RANGANNA 1 / 2

De thairbhe spáis, tá muid a dhul a bhaint úsáid as Naíscoil Neachtain chun seó Nollag Ranganna 1 / 2 a léiriú i mbliana. **Déanfaidh na páistí Ranganna 1 / 2 *Scéal na Nollag* a chur i láthair Déardaoin 13 Nollaig, ar 11.00r.n. agus arís ar 7.00i.n.** Iarrtar ar thuismitheoirí / caomhnóirí na páistí s'acu a thabhairt díreach chun na Naíscoile maidin **Deardaoin 13 Nollaig ar 10.30r.n.** agus iad gléasta don seó. Rachaidh na páistí abhaile arís lena dtuismitheoirí / caomhnóirí díreach i ndiaidh an tseó. Iarrtar ar thuismitheoirí na páistí a thabhairt ar ais arís **ar 6.30i.n.** – agus iad gléasta - le haghaidh seó an tráthnóna. £3 an ticéad don seó – páistí saor in aisce - agus beidh siad ar díol in oifig na Gaelscoile óna 2.00in Dé Luain, 10 Nollaig. Tá muid ag tnúth le do theacht. Fáilte roimh achan duine. Cuirfear nótaí abhaile Dé Céadaoin maidir le héadaí don tseó. Go raibh maith agat.

### SEIRBHÍS CHARÚL RANGANNA 3-7.

Cuirfidh páistí as Ranganna 3 – 7 Seirbhís Charúl i láthair in Eaglais Naomh Pádraig, Dún Geimhin, Dé Máirt, 18 Nollaig, ar 7.00i.n. Iarrtar ar pháistí a bheith san Eaglais faoi 6.40i.n. ar a dhéanaí agus iad gléasta mar is cuí. Cuirfear nótaí abhaile an tseachtain seo chugainn maidir le héadaí.
Mar atá mar nós againn, déanfaidh na páistí as Rang 7 bailiúchán don Fheachtas Nollag de chuid Naomh Uinseann de Pól ag an tSeirbhís Charúl.
FÁILTE ROIMH ACHAN DUINE!

### TRÁTHNÓNA EOLAIS ag NAÍSCOIL NEACHTAIN

***Beidh Tráthnóna Eolais ann ag Naíscoil Neachtain anocht ar 7.00i.n. Scaip an scéal, le do thoil!***

### LÁ OSCAILTE NAÍSCOIL / GAELSCOIL NEACHTAIN

***Beidh Lá Oscailte ann ag Naíscoil Neachtain (1 – 3.00i.n.) agus ag Gaelscoil Neachtain (2 – 4.00i.n.) Dé Domhnaigh, 13 Eanáir, 2019.***

### RANGANNA 1 / 2's CHRISTMAS SHOW

Because of space, we are going to use Naíscoil Neachtain to present Ranganna 1 / 2's Christmas Show. **The children from Ranganna 1 / 2 will present *The Christmas Story* on Thursday, 13th December at 11.00a.m. and again at 7.00p.m.** Parents / carers are asked to bring their children, already dressed, directly to the Naíscoil on **Thursday morning, 13th December at 10.30a.m.** The children will go home with their parents / carers straight after the show. Parents are asked to bring their children back again **at 6.30p.m.** – dressed – for the evening show. Tickets cost £3 each – free admission for children - and will be on sale in the Gaelscoil office from 2.00p.m. Monday, 10th December. We look forward to seeing you there. Everyone welcome. Notes will be sent home on Wednesday regarding costumes for the show. Go raibh maith agat.

### RANGANNA 3 – 7's CAROL SERVICE

Children from Ranganna 3 – 7 will present a Carol Service in St. Patrick's Church, Dungiven, on Tuesday, 18th December, at 7.00p.m. Children are asked to be in the Church by 6.40p.m. at the latest and dressed as appropriate. Notes will be sent home next week regarding costumes.
As in past years, the children from Rang 7 will take up a collection for the St. Vincent de Paul Christmas Appeal at the Carol Service.
EVERYONE WELCOME!

### INFORMATION EVENING at NAÍSCOIL NEACHTAIN

***There will be an Information Evening in Naíscoil Neachtain tonight at 7.00p.m. Please spread the word!***

### OPEN DAY at NAÍSCOIL / GAELSCOIL NEACHTAIN

***There will be an Open Day at Naíscoil Neachtain (1 – 3.00p.m.) and Gaelscoil Neachtain (2 – 4.00p.m.) on Sunday, 13th January, 2019.***

**CRUINNITHE TUISMITHEORA / MÚINTEORA**

Ná déan dearmad: beidh cruinnithe idir Tuismitheorí agus Múinteoirí ann **an tseachtain seo chugainn ag toiseacht Dé Luain, 3 Nollaig.** Cuirtear nóta freagra do choinne ar ais chuig an mhúinteoir ranga amárach, le do thoil. Go raibh maith agat.

**COSAINT AN PHÁISTE**

***Is í Danielle Nic Ailín Múinteoir Ainmnithe don Chosaint Pháistí. Is í Róisín Mhic Thaidhg Leasmhúinteoir Ainmnithe don Chosaint Pháistí. In éagmais Danielle, glacfaidh Róisín freagrachtaí an Mhúinteoir Ainmnithe uirthi. Má tá tú buartha faoi aon rud, gabh i dteagmháil le Róisín nó leis an phríomhoide, le do thoil, láithreach bonn.***

**DINNÉAR na NOLLAG**

Beidh Dinnéar na Nollag ar fáil do na páistí sa bhialann Dé Céadaoin, 12 Nollaig. An gnáthchostas, £2.60, atá ar an dinnéar.

**BUÍOCHAS**

Thar ceann an eagraíocht *Bóthar Dóchais*, ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil le achan duine agaibh a thug chomh flaithiúil sin don achainní *Bosca Bróga na Nollag*. Uair amháin arís, freagra thar a bheith maith a bhí ann i mbliana.

Buíochas ó chroí le Cór Neachtain as an amhránaíocht álainn tráthnóna Dé Sathairn ag an Leabharlann!

Go raibh maith ag achan duine a cheannaigh liathróid bhónais! Ádh mór Dé Céadaoin, 19 Nollaig!

Ár mbuíochas le achan duine a thug tabhartas don amparán Nollag agus a cheannaigh ticéid go dtí seo– neart ticéad fágtha! Scaip an scéal. Go raibh maith agat.

**PARENT / TEACHER MEETINGS**

Don't forget: Parent / Teacher meetings will take place **next week beginning Monday, 3rd December.** Please return your appointment reply note to the class teacher tomorrow. Go raibh maith agat.

**CHILD PROTECTION**

***Danielle Nic Ailín is the Designated Teacher for Child Protection. Róisín Mhic Thaidhg is the Deputy Designated Teacher for Child Protection. In Danielle's absence, Róisín will take on the responsibilities of Designated Teacher. If you have any concerns, please contact Róisín or the Principal, immediately.***

**CHRISTMAS DINNER**

Christmas dinner will be served in the canteen for the children on Wednesday, 12th December. Dinner costs £2.60 as usual.

**THANKS**

On behalf of the *Road of Hope* organisation, we would like to sincerely thank all of you who contributed so generously to the *Christmas Shoe Box* appeal. Once again, the response this year was overwhelming.

Sincere thanks to Cór Neachtain for their beautiful singing on Saturday afternoon at the Library!

Thank-you to everyone who bought a bonus ball. Good luck on Wednesday, 19th December!

Our thanks to everyone who donated to the Christmas hamper and who have bought tickets so far – there are plenty of tickets left! Spread the word! Go raibh maith agat.